Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9570/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0133 (NLE)**

**AELE 28**
**EEE 19**
**N 50**
**ISL 14**
**FL 14**
**DATAPROTECT 158**
**JAI 686**
**MI 442**
**DRS 26**
**FREMP 168**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meitheamh 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 274 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste LEE maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 274 final.

Faoi iamh: COM(2021) 274 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.6.2021
COM(2021) 274 final

2021/0133 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste LEE maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i dtaca leis na Cinntí ón gComhchoiste (JCDanna) a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh maidir le leasuithe ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE.

## 2. COMHTHÉACS AN MHOLTA

### 2.1. Comhaontú LEE

Leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’) ráthaítear cearta agus oibleagáidí comhionanna laistigh den Mhargadh Inmheánach do shaoránaigh agus d’oibreoirí eacnamaíocha in LEE. Déantar foráil ann maidir leis an gcuid sin de reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a chumhdaíonn na ceithre shaoirse ar fud 30 Stát LEE ina bhfuil Ballstáit an Aontais, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin. Lena chois sin, cumhdaítear comhar i réimsí tábhachtacha eile le Comhaontú LEE amhail taighde agus forbairt, oideachas, beartas sóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, turasóireacht agus cultúr, a dtugtar beartais ‘tionlacain agus chothrománacha’ orthu i dteannta a chéile. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994. Is páirtí sa Chomhaontú é an tAontas Eorpach in éineacht lena Bhallstáit.

### 2.2. Comhchoiste LEE

Tá Comhchoiste LEE freagrach as Comhaontú LEE a bhainistiú. Is fóram é chun tuairimí a bhaineann le feidhmiú Chomhaontú LEE a mhalartú. Is de chomhthoil a ghlactar cinntí an Chomhchoiste. I gcomhréir le Conradh Liospóin, is í an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí atá freagrach as cúrsaí LEE a chomhordú ar thaobh an Aontais.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhchoiste LEE

Meastar go nglacfaidh Comhchoiste LEE dhá Chinneadh ó Chomhchoiste LEE (‘na gníomhartha atá beartaithe’) maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE.

Is é is cuspóir don dá ghníomh atá beartaithe Rialachán (AE) 2018/1971 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC)[1], chomh maith le Treoir (AE) 2018/1972 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú), a ionchorprú i gComhaontú LEE.

Beidh na gníomhartha atá beartaithe ina gceangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

[1] Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC) lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009, IO L. 321, 17.12.2018, lch. 1.

## 3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

I gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin, déanann SEGS na dréacht-Chinntí ó Chomhchoiste LEE a chur isteach lena nglacadh ag an gComhairle mar sheasamh an Aontais. Tá súil ag SEGS iad a chur i láthair Chomhchoiste LEE a luaithe is féidir.

Maidir le hábhar agus cineál an dréachta de na Cinntí ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal, téitear thar an méid ar féidir a mheas mar oiriúnuithe teicniúla de réir Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle. Is í an Chomhairle, dá bhrí sin, a bhunóidh seasamh an Aontais.

Cuimsítear na hoiriúnuithe seo a leanas *inter alia* sna Cinntí ó Chomhchoiste LEE (JCDanna) atá i gceangal leis seo.

### 3.1. Oiriúnuithe ar Rialachán (AE) 2018/1971 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) – JCD in Iarscríbhinn 1

***Réamhrá***

De réir leagan amach institiúideach Chomhaontú LEE, is é Údarás Faireacháin CSTE a dhéanann inniúlachtaí faireachais an Choimisiúin i gcolún CSTE agus léireofar iontu dá réir sin cumhachtaí faireachais an Choimisiúin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2018/1971 (Rialachán BEREC) agus i dTreoir (AE) 2018/1972 (an Treoir lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Treoir CCLE)[2]) i gcolún CSTE.

Le Rialachán BEREC agus le Treoir CCLE, bunaítear roinnt cúraimí do BEREC, arb é is aidhm dóibh cur chun feidhme comhsheasmhach a áirithiú maidir leis an gcreat rialála um chumarsáid leictreonach. Ós rud é go bhfuil ról tábhachtach ag BEREC maidir le Rialachán BEREC agus Treoir CCLE a chur chun feidhme, tá dlúthnasc idir an Rialachán agus Treoir CCLE. Rud eile, léirítear an nasc sin sa dá dhréacht-Chinneadh ón gComhchoiste lena n-ionchorpraítear an Treoir agus Rialachán BEREC i gComhaontú LEE. Tá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar an dá dhréacht-Chinneadh ón gComhchoiste le chéile chun an leagan amach iomlán a thuiscint i gcomhthéacs LEE.

Trí shraith éagsúla oiriúnuithe atá sa dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste (in Iarscríbhinn 1) a chuirfear i láthair thíos: na modúlachtaí maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE in BEREC (roinn B), na hoiriúnuithe a bhaineann leis an gcaidreamh idir Údarás Faireacháin CSTE agus BEREC (roinn C), oiriúnuithe eile a bhaineann le rannpháirtíocht Stáit CSTE in BEREC (roinn D) chomh maith le hoiriúnuithe ginearálta a úsáidtear go coitianta i gcomhthéacs LEE (roinn E).

***Módúlachtaí maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE in BEREC***

Bunaíodh BEREC le Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 agus le Rialachán (AE) 2018/1971 agus é mar aidhm dó cuidiú le forbairt agus le feidhmiú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh do líonraí cumarsáide leictreonaí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, trí dhíriú ar chur chun feidhme comhsheasmhach an chreata rialála a áirithiú don chumarsáid leictreonach. Aithnítear sa Rialachán freisin a inmhianaithe atá sé na cuspóirí sin a bhaint amach i gcomhthéacs LEE agus luaitear ann gur cheart d'údaráis rialála náisiúnta de chuid Stáit CSTE LEE a bheith in ann páirt a ghlacadh i mBord Rialálaithe BEREC, sna meithleacha agus sa

[2] IO L. 321, 17.12.2018, lch. 36.

Bhord Bainistíochta, ar mhaithe le cur chun feidhme comhsheasmhach an chreata rialála um chumarsáid leictreonach a leathnú chuig an Íoslainn, chuig Lichtinstéin agus chuig an Iorua[3].

De réir Airteagal 101 de Chomhaontú LEE:

> '1. Maidir le coistí nach gcumhdaítear le hAirteagal 81 [i.e. coistí clár] ná le hAirteagal 100 [i.e. coistí coisteolaíochta], beidh saineolaithe ó Stáit CSTE comhlachaithe leis an obair nuair a éilítear sin le haghaidh dhea-fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.
>
> Liostaítear na coistí sin i bPrótacal 37. Leagtar amach módúlachtaí an chomhlachais sin sna Prótacail earnála agus sna hIarscríbhinní ábhartha a bhaineann leis an ábhar lena mbaineann.
>
> 2. Más léir do na Páirtithe Conarthacha gur cheart an comhlachas sin a leathnú chuig coistí eile a bhfuil tréithe comhchosúla acu, féadfaidh Comhchoiste LEE Prótacal 37 a leasú.'[4]

Ní coiste coisteolaíochta é BEREC, ná ní bhunaítear é de bhun cláir. Mar fhóram um chomhar i measc rialtóirí, tagann BEREC faoin gcatagóir 'coistí eile' de réir bhrí Airteagal 101 LEE a liostaítear i bPrótacal 37. De réir na forála sin, '*leagtar amach na módúlachtaí comhlachais san Iarscríbhinn earnála ábhartha a bhaineann leis an ábhar lena mbaineann*'. Tugtar isteach módúlachtaí den sórt sin sna hIarscríbhinní (a ghabhann le Comhaontú LEE) faoin bpointe ábhartha agus cuirtear an abairt tosaigh seo a leanas rompu: '*Módúlachtaí maidir le comhlachas Stáit CSTE i gcomhréir le hAirteagal 101 den Chomhaontú*' (féach, e.g. JCD Uimh. 192/2014 LEE, Uimh. 18/2013, Uimh. 92/2010, Uimh. 10/2004). Ní mheastar gur 'téacsanna oiriúnúcháin' iad na módúlachtaí sin, ós rud é nach módúlachtaí iad lena n-airbheartaítear athrú a dhéanamh ar na rialacha atá sa ghníomh a ionchorpraíodh i gComhaontú LEE, ach iad a fhorlíonadh de réir mar is gá chun dea-fheidhmiú an chomhlachais a áirithiú.

Leis na módúlachtaí le haghaidh comhlachais, foráiltear go nglacfaidh ÚNRanna CSTE LEE páirt iomlán in obair Bhord Rialálaithe BEREC, in obair mheithleacha BEREC agus in obair Bhord Bainistíochta Oifig BEREC, go mbeidh na cearta céanna agus na hoibleagáidí céanna ar ÚNRanna CSTE LEE agus atá ar ÚNRanna eile de chuid an Aontais, cé is moite den cheart vótála, ach ní bheidh siad incháilithe cathaoirleacht a dhéanamh ar Bhord Rialálaithe BEREC ná ar Bhord Bainistíochta Oifig BEREC. Féadfaidh ÚNRanna CSTE LEE cathaoirleacht a dhéanamh ar mheithleacha, áfach. Maidir le húdaráis rialála náisiúnta Stáit CSTE LEE, déanfar ionadaíocht ar leibhéal iomchuí orthu i gcomhréir le forálacha Rialacháin BEREC (féach Airteagal 7 de Rialachán BEREC). Tá sé ríthábhachtach go nglacfaidh ÚNRanna CSTE páirt chun cóineasú rialála a chur chun cinn.

Foráiltear freisin leis na módúlachtaí go dtabharfaidh BEREC agus Oifig BEREC cúnamh do ÚNRanna CSTE LEE agus d'Údarás Faireacháin CSTE.

***Oiriúnuithe a bhaineann leis an gcaidreamh idir Údarás Faireacháin CSTE agus BEREC***

Sonraítear le hoiriúnuithe (a)(i) agus (ii) go bhfuil BEREC le cúnamh agus comhairle a thabhairt d'Údarás Faireacháin CSTE maidir le treoirlínte a eisiúint arna iarraidh sin ag an Údarás.

---

3 Féach aithris 34 de Rialachán (AE) 2018/1971.

4 Le cúig bliana fichead anuas, bhí Stáit CSTE LEE comhlachaithe le comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais de bhun na forála seo. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí sin le fáil sa leagan nuashonraithe de Phrótacal 37. Féach anseo.

Ós rud é nach mbeidh cearta vótála ag ÚNRanna CSTE LEE in BEREC, foráiltear le hoiriúnú (a)(iii), oiriúnú lena gcuirtear mír nua 1a le hAirteagal 4, go ndéanfaidh BEREC taifead ar leithligh de sheasaimh údaráis rialála náisiúnta Stáit CSTE LEE agus tuairimí á n-eisiúint aige i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(c)(i) agus (ii) den Rialachán. Baineann sé sin go háirithe le tuairimí maidir le dréachtbhearta ÚNRanna de chuid CSTE LEE i gcomhréir le hAirteagail 32 agus 33 de Threoir CCLE agus le tuairimí maidir le díospóidí trasteorann i gcomhréir le hAirteagal 27 de Threoir CCLE.

De réir oiriúnú (a)(v), tá Údarás Faireacháin CSTE le lánaird a thabhairt ar aon treoirlíne, tuairim, moladh, comhsheasamh agus dea-chleachtais a ghlacfaidh BEREC.

***Oiriúnuithe eile a bhaineann le rannpháirtíocht Stáit CSTE LEE in BEREC***

Is comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh í Oifig BEREC a bhfuil pearsantacht dhlítheanach[5] aici agus is gníomhaireacht í a thacaíonn le BEREC. I gcomhréir le doiciméid bhunaidh ghníomhaireachtaí an Aontais[6] a ionchorprú roimh ré i gComhaontú LEE, déantar rialú ar an bpáirt a ghlacann Stáit CSTE i ngníomhaíochtaí Oifig BEREC sna hoiriúnuithe ar Rialachán BEREC. Ós rud é nach ndéanann Oifig BEREC aon chúram i ndáil le beartas thar a ceann féin, is de chineál riaracháin an rannpháirtíocht sin.

De bhun oiriúnú (e) ar Rialachán BEREC, rannchuideoidh Stáit CSTE LEE le hacmhainní Oifig BEREC ó thaobh airgeadais de trí pháirt a ghlacadh i bhfóirdheontas an Aontais. I gcomhréir leis an gcleachtas a bhí ann roimhe seo, bunófar an ranníocaíocht airgeadais sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá in Airteagal 82(1)(a) de Chomhaontú LEE.

Faoi Airteagal 12(2)(a) agus Airteagal 82(3)(a) de Choinníollacha fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ('CEOS'), gníomhairí sealadacha nó baill foirne ar conradh, faoi seach, déanfar iad sin a fhostú de ghnáth ar choinníoll gur saoránaigh iad de Bhallstát den Aontas Eorpach, mura gcinnfidh an t-údarás ceapacháin a mhalairt. Le hoiriúnú (f) dá bhrí sin, déantar maolú leathan a sholáthar do náisiúnaigh CSTE LEE, náisiúnaigh ar cheart a mheas go bhfuil siad incháilithe ar na téarmaí céanna agus faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Aontais Eorpaigh.

Tagraítear in Airteagal 12(2)(e), Airteagal 82(3)(e) agus Airteagal 85(3) CEOS d'Airteagal 55(1) CAE maidir le teangacha an Aontais. Maidir le baill foirne Oifig BEREC, le hoiriúnú (f) foráiltear thairis sin maidir leis na teangacha oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 129(1) LEE go measfaidh Oifig BEREC gur theangacha de chuid an Aontais iad maidir lena baill foirne.

Ar deireadh, foráiltear le hoiriúnú (g) go gcuirfidh Stáit CSTE LEE na pribhléidí agus na díolúintí céanna i bhfeidhm atá ag Ballstáit an Aontais i dtaca le hOifig BEREC agus lena baill foirne, mar a thuairiscítear i bPrótacal (Uimh. 7) atá i gceangal le CAE agus le CFAE.

***Oiriúnuithe eile***

I gcomhréir le hAirteagal 7 de Chomhaontú LEE, is iad na gníomhartha a ionchorpraíodh sa Chomhaontú, agus na gníomhartha sin amháin atá ina gceangal ar Stáit CSTE. Dá bhrí sin, an tagairt in Airteagal 4(4) do dhlí an Aontais, déantar í a choigeartú chun a léiriú, i gcomhthéacs LEE, gurb é Comhaontú LEE (oiriúnú (a)(iv)) an creat tagartha dlíthiúil.

---

[5] Airteagal 2(1) de Rialachán BEREC.

[6] An liosta de ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais a ghlacann páirt in EFTA, agus na JCDanna a ionchorpraíonn a Rialacháin bhunaidh i gComhaontú LEE, is féidir sin a fháil ag http://www.efta.int/eea/eu-agencies:

Chun forfheidhmiú comhsheasmhach rialacha LEE a éascú, foráiltear le hoiriúnuithe (b) agus (d) ar an Rialachán go mbeidh ionadaíocht ag Údarás Faireacháin CSTE, in éineacht leis an gCoimisiún, ar Bhord Rialálaithe BEREC agus ar an mBord Bainistíochta freisin. Ní bheidh cearta vótála ag Údarás Faireacháin CSTE ar an mBord Bainistíochta, murab ionann agus an Coimisiún.

Le hoiriúnú (c) ar Airteagal 13(3), déantar an téacs a choigeartú chun go mbeidh Údarás Faireacháin CSTE in ann páirt a ghlacadh i meithleacha a bhunaigh Bord Rialálaithe BEREC. Mar is amhlaidh i gcás an Choimisiúin, ní fhéadfaidh Údarás Faireacháin CSTE páirt a ghlacadh i meithleacha a bhunaítear chun na cúraimí dá dtagraítear i bpointe (c)(ii) d'Airteagal 4(1) den Rialachán a chur i gcrích.

Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, ní cuid de Chomhaontú LEE é. Is é is aidhm d'oiriúnú (h) ar Airteagal 36 a áirithiú go ndéileálfar i gcomhréir leis an Rialachán sin le haon doiciméad a bhaineann le Stáit CSTE LEE a ullmhóidh BEREC nó Oifig BEREC. Foráiltear maidir leis an oiriúnú céanna de ghnáth i dtaca le gníomhaireachtaí ina bhfuil Stáit CSTE LEE rannpháirteach.

Le hoiriúnú (i) déantar téacs Airteagal 40(2) a choigeartú chun ról Údarás Faireacháin CSTE san fhoráil ábhartha a léiriú agus chun a shoiléiriú gur cheart, i gcomhthéacs LEE, an tagairt do 'dhlí an Aontais' agus don 'dlí náisiúnta' a thuiscint mar 'Chomhaontú LEE agus an dlí náisiúnta'.

Le hoiriúnú (j) déantar téacs Airteagal 41(1)(a) a choigeartú chun an rochtain chéanna ar an gcóras faisnéise agus cumarsáide atá ag an gCoimisiún a chur ar fáil d'Údarás Faireacháin CSTE, rud atá tábhachtach chun dea-chomhar agus cur chun feidhme comhsheasmhach an chreata rialála um chumarsáid leictreonach a áirithiú.

### 3.2. Oiriúnuithe ar Threoir (AE) 2018/1972 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú) – JCD in Iarscríbhinn 2

Is é is aidhm don Treoir margadh inmheánach a chruthú le haghaidh na cumarsáide leictreonaí laistigh den Aontas agus tagann sí in ionad Threoracha 2002/19/CE, 2002/20/CE, 2002/21/CE, agus 2002/22/CE, a ionchorpraíodh in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE. I gcomhthráth le glacadh na Treorach, ghlac an tAontas Eorpach Rialachán nua (AE) 2018/1971 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC).

Leis an Treoir bunaítear roinnt cúraimí do BEREC, arb é is aidhm dóibh cur chun feidhme comhsheasmhach a áirithiú maidir leis an gcreat rialúcháin um chumarsáid leictreonach. Ós rud é go bhfuil ról tábhachtach ag BEREC maidir leis an Rialachán agus an Treoir a chur chun feidhme, tá dlúthnasc idir Rialachán BEREC agus an Treoir. Rud eile, aistrítear an nasc sin isteach sa dá dhréacht-Chinneadh ón gComhchoiste lena n-ionchorpraítear an Treoir agus Rialachán BEREC i gComhaontú LEE, Treoir agus Rialachán atá i gceangal leis an dréacht-Chinneadh seo ón gComhairle. Tá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar an dá dhréacht-Chinneadh sin ón gComhchoiste in éineacht chun an leagan amach iomlán a thuiscint i gcomhthéacs an LEE.

Cúram tábhachtach amháin a sannadh do BEREC is ea tuairimí a eisiúint, i gcás inarb iomchuí, maidir le bearta na nÚdarás Rialála Náisiúnta (ÚNRanna) agus le díospóidí trasteorann (Airteagail 27, 32 agus 33 den Treoir). Chun críocha Chomhaontú LEE, sa dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste a ghabhann leis an Rialachán, sonraítear na módúlachtaí maidir le rannpháirtíocht ÚNRanna CSTE LEE in BEREC. Foráiltear leis freisin go ndéanfar

taifead ar leithligh de sheasaimh ÚNRanna CSTE LEE maidir le tuairimí BEREC, agus go dtabharfaidh Údarás Faireacháin CSTE lánaird ar aon treoirlíne, tuairim, moladh, comhsheasamh agus dea-chleachtais arna nglacadh ag BEREC. Ina theannta sin, sa dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste tá roinnt oiriúnuithe riachtanacha eile i gcomhthéacs LEE.

Leis an dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste lena n-ionchorpraítear an Treoir, foráiltear dá réir sin maidir le hoiriúnuithe eile ar an Treoir a bhfuil gá leo i bhfianaise Chomhaontú LEE.

***Dlí an Aontais/Comhaontú LEE (oiriúnú (a))***

I gcomhréir le hAirteagal 7 de Chomhaontú LEE, is iad na gníomhartha a ionchorpraíodh sa Chomhaontú, agus na gníomhartha sin amháin atá ina gceangal ar Stáit CSTE. Dá bhrí sin, an tagairt do dhlí an Aontais, ní mór í a choigeartú chun a léiriú, i gcomhthéacs LEE, gurb é Comhaontú LEE an creat tagartha dlíthiúil.

***Tuairimí an Ghrúpa um Beartas Speictrim Raidió (oiriúnú (b)):***

De réir oiriúnú (b) ar Airteagal 28, tá Údarás Faireacháin CSTE inniúil chun cinntí a dhíreofar chuig Stáit CSTE a ghlacadh.

Foráiltear leis an oiriúnú freisin gur cheart d'Údarás Faireacháin CSTE lánaird a thabhairt ar thuairim an Ghrúpa um Beartas Speictrim Raidió. Déanfar é sin chun a áirithiú go dtarraingeoidh Údarás Faireacháin CSTE ar an saineolas céanna agus atá ag an gCoimisiún le linn dó a chúram i leith Stáit CSTE a chomhlíonadh faoi struchtúr dhá cholún Chomhaontú LEE.

Ina theannta sin, i gcásanna ina bhfuil Stáit CSTE agus Ballstáit an Aontais araon i gceist, ní mór d'Údarás Faireacháin CSTE agus don Choimisiún comhoibriú le chéile d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le cinntí chun réiteach a fháil ar thrasnaíocht dhíobhálach trasteorann.

***Tagairt d'Airteagal 267 CFAE / Airteagal 34 SCA (oiriúnú (c)):***

Le hoiriúnú (c) déantar an creat dlíthiúil a mhéid a bhaineann le cúirteanna nó binsí i Stáit CSTE a choigeartú trí thagairt d'Airteagal 34 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú a chur in ionad na tagartha d'Airteagal 267 CFAE.

***Margaí trasnáisiúnta a shainaithint (oiriúnú (d)):***

An téacs oiriúnúcháin a mholtar sa dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste, comhfhreagraíonn sé don mhéid atá beartaithe faoi láthair in oiriúnú (d) faoi Threoir 2002/21/CE (féach pointe 5cl in Iarscríbhinn XI LEE) maidir leis na módúlachtaí comhair idir Údarás Faireacháin CSTE agus an Coimisiún.

***Tagairt don 'Chairt' choigeartaithe (oiriúnú (e)):***

Is ionstraim de chuid reachtaíocht phríomha an Aontais Eorpaigh í Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus níl sí ina ceangal ar thíortha nach Ballstáit iad ná níl sí ábhartha i gcomhthéacs LEE. Dá bhrí sin, le hoiriúnú (g) ar an Treoir déantar an tagairt don Chairt atá in Airteagal 100(1) a choigeartú chun tagairt a dhéanamh do 'chearta bunúsacha agus prionsabail ghinearálta Chomhaontú LEE', agus déantar na tagairtí in Airteagal 100(2) a choigeartú chun tagairt a dhéanamh do 'chearta bunúsacha'.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

Foráiltear, le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear i gcoincheap '*na ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[7].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste LEE a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin Comhaontú LEE. An gníomh a iarrtar ar Chomhchoiste LEE a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE i gcomhar le hAirteagal 1(2) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle, braitheann sé go príomha ar bhunús dlí substainteach ghníomhartha dlí an Aontais atá le hionchorprú i gComhaontú LEE.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus inneachar na ngníomhartha atá beartaithe le comhfhogasú dlíthe, dá bhrí sin, is é Airteagal 114 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE agus Airteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar le gníomhartha Chomhchoiste LEE Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (Ina bhfuil an

[7] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2021/0133 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste LEE maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[8], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[9] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Tá Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Chun go bhfeidhmeoidh Comhaontú LEE go maith, tá Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE le leathnú chun go n-áireofar Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1971.

(5) Chun cur chun feidhme comhsheasmhach an chreata rialála um chumarsáid leictreonach laistigh de raon feidhme Chomhaontú LEE a áirithiú, glacfaidh údaráis rialála náisiúnta Stáit CSTE páirt iomlán in obair Bhord Rialálaithe BEREC, in obair mheithleacha BEREC agus in obair Bhord Bainistíochta Oifig BEREC, cé is moite den cheart vótála. Déanfar taifead ar leithligh de sheasaimh údaráis rialála náisiúnta

[8] IO L. 305, 30.11.1994, lch. 6.

[9] IO L. 1, 3.1.1994, lch. 3.

[10] Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009, IO L. 321, 17.12.2018, lch. 1.

Stáit CSTE nuair a eiseoidh BEREC tuairim. Tabharfaidh Údarás Faireacháin CSTE lánaird ar thuairimí a ghlac BEREC.

(6) Tá Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(7) Le Treoir (AE) 2018/1972, le héifeacht ón 21 Nollaig 2020, aisghairtear Treoracha 2002/19/CE, 2002/20/CE, 2002/21/CE agus 2002/22/CE, a ionchorpraíodh i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm dá bhrí sin faoi Chomhaontú LEE le héifeacht ón 21 Nollaig 2020.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an Dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE, bunófar é ar na dréachtchinntí ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[11] Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú), arna cheartú le IO L. 334, 27.12.2019, lch. 164, IO L. 321, 17.12.2018, lch. 36.